Parlaimint na hEorpa
2019-2024

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P9_TA(2022)0328

Reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ***I

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 15 Meán Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (athmhúnlú) (COM(2021)0734 – C9-0432/2021 – 2021/0375(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach - athmhúnlú)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0223/2022).

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Bunaítear le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) prionsabal an phríomhshruthaithe inscne, trína bhfuil sé mar aidhm ag an Aontas deireadh a chur leis an neamhionannas idir fir agus mná agus an comhionannas eatarthu a chur chun cinn ina chuid gníomhaíochtaí uile.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Bunaítear le hAirteagal 21 den Chairt an ceart chun comhionannais inscne i ngach réimse.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) Ba cheart cleamhnú atá roinnte ina leibhéil éagsúla agus catagóir 'comhpháirtithe taighde' a aithint le haghaidh fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, chun go mbeidh níos mó solúbthachta ann agus chun saoirse taighde a éascú.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Maidir leis an stádas dlíthiúil Eorpach a dheonaítear do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus dá bhfondúireachtaí cleamhnaithe, ba cheart go dtabharfadh sé sin cumas agus aitheantas dlíthiúil dóibh sna Ballstáit uile. Ní fhágann cumas dlíthiúil agus aitheantas dlíthiúil den sórt sin go bhfuil siad i dteideal iarrthóirí a ainmniú i dtoghcháin náisiúnta nó i ***dtoghcháin*** do Pharlaimint na hEorpa ***nó a bheith rannpháirteach i bhfeachtais reifrinn***. Is faoi inniúlacht na mBallstát a fhanann an teideal sin nó aon teideal comhchosúil.	(23) Maidir leis an stádas dlíthiúil Eorpach a dheonaítear do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus dá bhfondúireachtaí cleamhnaithe, ba cheart go dtabharfadh sé sin cumas agus aitheantas dlíthiúil dóibh sna Ballstáit uile. Ní fhágann cumas dlíthiúil agus aitheantas dlíthiúil den sórt sin go bhfuil siad i dteideal iarrthóirí a ainmniú i dtoghcháin náisiúnta nó i ***dtoghcheantair náisiúnta nó réigiúnacha sna toghcháin*** do Pharlaimint na hEorpa. Is faoi inniúlacht na mBallstát a fhanann an teideal sin nó aon teideal comhchosúil.

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ***agus*** a mballpháirtithe dea-shampla a thabhairt chun an bhearna idir na hinscní sa réimse polaitiúil a dhúnadh. Más mian leo tairbhe a bhaint as maoiniú AE, ba cheart rialacha inmheánacha a bheith ag páirtithe polaitiúla Eorpacha chun ***cothromaíocht*** inscne a chur chun cinn ***agus*** ba cheart dóibh a bheith trédhearcach faoi chothromaíocht inscne a mballpháirtithe. Ba cheart do ***pháirtithe polaitiúla Eorpacha*** faisnéis a chur ar fáil ***maidir lena mbeartas inmheánach faoin gcothromaíocht inscne agus*** faoi ionadaíocht inscne a mballpháirtithe maidir le hiarrthóirí ar Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa. Spreagtar na páirtithe polaitiúla Eorpacha freisin chun faisnéis a chur ar fáil i ndáil le cuimsitheacht agus ionadaíocht na mionlach ag a mballpháirtithe.	(30) Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha***,*** a mballpháirtithe ***agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha*** dea-shampla a thabhairt chun an bhearna idir na hinscní sa réimse polaitiúil a dhúnadh. Más mian leo tairbhe a bhaint as cistiú AE, ba cheart rialacha inmheánacha a bheith ag páirtithe polaitiúla Eorpacha ***agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha*** chun ***comhionannas*** inscne chun cinn, ***lena n-áirítear plean um chomhionannas inscne agus prótacal chun gnéaschiapadh agus ciapadh ar fhorais inscne a chosc, a bhrath agus a chomhrac***. ***Ina theannta sin, ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha*** a bheith trédhearcach faoi chothromaíocht inscne a mballpháirtithe agus faisnéis a chur ar fáil maidir lena mbeartas inmheánach faoin gcothromaíocht inscne agus faoi ionadaíocht inscne a mballpháirtithe maidir le hiarrthóirí ar Pharlaimint na hEorpa agus feisirí de Pharlaimint na hEorpa. ***Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha***

	fianaise a sholáthar freisin i dtaca lena mbeartas inmheánach maidir le comhionannas inscne trí bhíthin tuarascáil bhliantúil. Spreagtar na páirtithe polaitiúla Eorpacha freisin chun faisnéis a chur ar fáil i ndáil le cuimsitheacht agus ionadaíocht na mionlach ag a mballpháirtithe.
Leasú 5	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 38**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Ní aithnítear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ach dhá chatagóir ioncaim le haghaidh páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha seachas ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh, eadhon ranníocaíochtaí ó chomhaltaí agus deonacháin. Tá roinnt foinsí ioncaim a ghintear ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse (amhail ***foilseacháin*** nó táillí comhdhála ***a dhíol***) lasmuigh de raon feidhme an dá chatagóir sin, rud a chruthaíonn fadhbanna cuntasaíochta agus trédhearcachta. Ba cheart, dá bhrí sin, an tríú catagóir ioncaim (‘acmhainní dílse’) a chruthú. Ba cheart uasteorainn ***5 %*** a chur ***ar chion*** na n-acmhainní dílse i mbuiséad iomlán páirtí nó ***fondúireachtaí*** polaitiúla ***Eorpacha*** ionas ***nach ndéanfar sárú air*** i ndáil le buiséad foriomlán na n-eintiteas sin.	(38) Ní aithnítear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ach dhá chatagóir ioncaim le haghaidh páirtithe ***polaitiúla Eorpacha*** agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha seachas ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh, eadhon ranníocaíochtaí ***nó táillí comhlachais*** ó chomhaltaí agus deonacháin. Tá roinnt foinsí ioncaim a ghintear ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse (amhail ***díol foilseachán*** nó táillí comhdhála ***nó ceardlainne***) lasmuigh de raon feidhme an dá chatagóir sin, rud a chruthaíonn fadhbanna cuntasaíochta agus trédhearcachta. Ba cheart, dá bhrí sin, an tríú catagóir ioncaim (‘acmhainní dílse ***coimhdeacha***’) a chruthú. Ba cheart uasteorainn ***10 % den mhéid*** a ***ghinfear ó ranníocaíochtaí agus táillí comhlachais a*** chur ***le cion*** na n-acmhainní dílse ***coimhdeacha*** i mbuiséad iomlán páirtí ***pholaitiúil Eorpaigh*** nó ***fondúireachta*** polaitiúla ***Eorpaí*** ionas ***go mbeidh sé comhréireach*** i ***gcónaí i*** ndáil le buiséad foriomlán na n-eintiteas sin.
Leasú 6	
Togra le haghaidh rialacháin **Aithris 39**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) ***Ar mhaithe le*** dul i dteagmháil lena mbaill agus lena dtoghcheantair ar fud an Aontais, ba cheart ***do pháirtithe polaitiúla Eorpacha*** an ceart a bheith ***acu*** a gcuid maoinithe a úsáid le haghaidh ***feachtas polaitiúil*** trasteorann. Ba cheart cistiú agus teorannú speansas toghcháin do pháirtithe agus d'iarrthóirí sna feachtais sin a bheith á rialú leis na rialacha is infheidhme i ngach Ballstát.	(39) ***Chun*** dul i dteagmháil lena mbaill agus lena dtoghcheantair ar fud an Aontais, ba cheart an ceart a bheith ***ag páirtithe polaitiúla Eorpacha*** a gcuid maoinithe a úsáid le haghaidh ***feachtais pholaitiúla*** trasteorann***, amhail feachtais reifrinn agus feachtais arna seoladh i gcomhthéacs thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear trí liostaí uile-Aontais d'iarrthóirí i dtoghcháin den sórt sin a chur ar bun agus a chur chun cinn***. Ba cheart cistiú agus teorannú speansas toghcháin do pháirtithe agus d'iarrthóirí sna feachtais sin a bheith á rialú leis na rialacha is infheidhme i ngach Ballstát.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) ***Maidir le páirtithe*** polaitiúla Eorpacha***, níor cheart dóibh páirtithe*** polaitiúla eile, agus go háirithe páirtithe nó iarrthóirí náisiúnta, a chistiú go díreach ná go hindíreach. ***Maidir le fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha,*** níor cheart ***dóibh páirtithe polaitiúla Eorpacha nó náisiúnta ná iarrthóirí Eorpacha nó náisiúnta a mhaoiniú,*** go ***díreach ná go hindíreach. Níor cheart go*** gcuirfeadh an toirmeasc ar ***mhaoiniú*** indíreach cosc, áfach, ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha tacaíocht phoiblí a thabhairt dá mballpháirtithe san Aontas agus ***dul i dteagmháil*** leo maidir le saincheisteanna atá ábhartha don Aontas, ***nó*** tacú le gníomhaíochtaí polaitiúla ar mhaithe leis an leas coiteann, chun ***a*** bheith in ann a misean faoi ***Airteagal 10***(4) CAE a chomhlíonadh. Thairis sin, níor cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha ***ná a bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha*** gníomhaíochtaí a mhaoiniú i gcomhthéacs ***feachtas*** reifrinn ***náisiúnta ach*** nuair a	(41) ***Níor cheart do pháirtithe*** polaitiúla Eorpacha ***ná d'fhondúireachtaí*** polaitiúla ***Eorpacha cistiú a fhaightear ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a úsáid chun eintitis pholaitiúla*** eile, agus go háirithe páirtithe nó iarrthóirí náisiúnta, a chistiú go díreach ná go hindíreach. Níor cheart go gcuirfeadh an toirmeasc ar ***chistiú*** indíreach cosc, áfach, ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha ***nó fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha*** tacaíocht phoiblí a thabhairt dá mballpháirtithe ***nó a mballeagraíochtaí*** san Aontas agus ***oibriú i gcomhar*** leo maidir le saincheisteanna atá ábhartha don Aontas, tacú le gníomhaíochtaí polaitiúla ar mhaithe leis an leas coiteann, ***nó dul i mbun gníomhaíochtaí oideachasúla,*** chun bheith in ann a misean faoi ***Airteagal 10***(4) CAE a chomhlíonadh ***agus an pobal daonlathach Eorpach a neartú***. ***Níor cheart go gcuirfeadh an toirmeasc ar chistiú indíreach cosc ar ionadaithe nó***

bhaineann siad le ***cur chun feidhme CAE agus CFAE*** . Léiríonn na prionsabail sin a bhfuil i nDearbhú Uimh. 11 maidir le hAirteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh atá curtha i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Nice.

foireann na bpáirtithe polaitiúla, ná daoine a d'fhéadfadh a bheith gníomhach go polaitiúil, a bheith rannpháirteach in imeachtaí arna n-eagrú ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha. Níor cheart d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, áfach, oiliúint a chur ar iarrthóirí polaitiúla sna sé mhí roimh thoghcháin náisiúnta nó Eorpacha. Thairis sin, níor cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha gníomhaíochtaí a mhaoiniú ***ach amháin*** i gcomhthéacs ***feachtais náisiúnta*** reifrinn nuair a bhaineann siad le ***saincheisteanna a bhfuil baint dhíreach acu leis an Aontas***. Léiríonn na prionsabail sin a bhfuil i nDearbhú Uimh. 11 maidir le hAirteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh atá curtha i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chonradh Nice.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) Is gá stór coiteann a bhunú le haghaidh nochtadh páirtithe polaitiúla Eorpacha. I bhfianaise an róil shonraigh atá aige i gcur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Údarás stór lárnach den sórt sin a bhunú agus a bhainistiú mar chuid den Chlárlann do pháirtithe polaitiúla Eorpacha. Ba cheart do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha an fhaisnéis atá sa stór lárnach a tharchur chuig an Údarás i bhformáid chaighdeánach agus féadfar í a uathoibriú. Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha faisnéis a chur ar fáil i ***stór*** lárnach an Údaráis ionas gur féidir comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil a ***chumasú agus chun a n-aidhmeanna a*** thuiscint. An fhaisnéis maidir leis an méid a leithdháiltear ar fhógraíocht pholaitiúil i gcomhthéacs ***feachtais*** ar leith atá le cur sa ***stór*** lárnach***, féadfar í*** a bhunú ar ***leithdháileadh measta maoinithe. Áirítear*** ar na méideanna atá le lua sa ***stór*** tabhartais chun ***críocha***	(50) Is gá stór coiteann a bhunú le haghaidh nochtadh páirtithe polaitiúla Eorpacha. I bhfianaise an róil shonraigh atá aige i gcur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Údarás stór lárnach den sórt sin a bhunú agus a bhainistiú mar chuid den Chlárlann do pháirtithe polaitiúla Eorpacha. Ba cheart do Pháirtithe Polaitiúla Eorpacha an fhaisnéis atá sa stór lárnach a tharchur chuig an Údarás i bhformáid chaighdeánach agus féadfar í a uathoibriú. Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha faisnéis a chur ar fáil i ***stóras*** lárnach an Údaráis ionas gur féidir ***leis na saoránaigh*** comhthéacs níos leithne ***agus cuspóirí*** an fhógra pholaitiúil a thuiscint. ***Féadfar*** an fhaisnéis maidir leis an méid a leithdháiltear ar fhógraíocht pholaitiúil i gcomhthéacs ***feachtas*** ar leith atá le cur sa ***stóras*** lárnach a bhunú ar ***mheastachán réalaíoch*** ar ***chistiú agus ar*** na méideanna ***iarbhír, a luaithe is eol iad. Ar na méideanna*** atá le lua sa ***stóras,***

sonracha nó sochair chomhchineáil.	***áirítear*** tabhartais chun ***críoch sonrach,*** sochair chomhchineáil***, ranníocaíochtaí, táillí comhlachais agus acmhainní dílse coimhdeacha***.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 61

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(61) Chun faireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú, ba cheart do gach Ballstát pointí teagmhála aonair a ainmniú atá i gceannas ar chomhordú leis an leibhéal Eorpach. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a bheith ag na pointí teagmhála sin chun comhordú éifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar fhógraíocht pholaitiúil**,**	(61) Chun faireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú, ba cheart do gach Ballstát pointí teagmhála aonair a ainmniú atá i gceannas ar chomhordú leis an leibhéal Eorpach. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a bheith ag na pointí teagmhála sin chun comhordú éifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar fhógraíocht pholaitiúil***. Ba cheart don Údarás na pointí teagmhála aonair arna n-ainmniú ag na Ballstáit a thabhairt le chéile chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le hábhair leasa choitinn.***

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) aithnítear é i ndlíchóras Ballstáit amháin ar a laghad, nó ***atá tá*** sé bunaithe i gcomhréir leis an dlíchóras sin;	(b) aithnítear é i ndlíchóras Ballstáit amháin ar a laghad, nó ***i ndlíchóras tríú tír ar cuid de Chomhairle na hEorpa é agus a bhfuil lánchearta ionadaíochta aige inti, nó tá*** sé bunaithe i gcomhréir leis an dlíchóras sin;

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ciallaíonn **“**páirtí polaitiúil	(3) Ciallaíonn **‘**páirtí polaitiúil

Eorpach**”** comhaontas polaitiúil a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla , a bhfuil sé d'aidhm aige na cuspóirí sin a shaothrú ar fud an Aontais, agus atá cláraithe leis an Údarás um pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 7 , i gcomhréir leis an Rialachán seo;

Eorpach**'** comhaontas polaitiúil a shaothraíonn cuspóirí polaitiúla, a bhfuil sé d'aidhm aige na cuspóirí sin a shaothrú ar fud an Aontais, agus ***a bhfuil tromlach a bhallpháirtithe aitheanta ag dlíchóras aon Bhallstáit amháin ar a laghad nó bunaithe i gcomhréir leis an dlíchóras sin agus a bhfuil a suíomh laistigh den Aontas Eorpach acu, agus*** atá cláraithe leis an Údarás um pháirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 7 , i gcomhréir leis an Rialachán seo;

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) ciallaíonn **"**deonachán***" aon tairiscint d'airgead tirim***, aon tairiscint chomhchineáil, aon earraí, seirbhísí (lena n-áirítear iasachtaí) agus/nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh agus/nó ***hidirbheart ar bith*** eile arb ionann ***iad*** agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, cé is moite de ranníocaíochtaí ***ó chomhaltaí*** agus ***de ghnáthghníomhaíochtaí*** polaitiúla a dhéanann daoine aonair ar bhonn saorálach;	(7) ciallaíonn **'**deonachán***' aon íocaíocht***, aon tairiscint chomhchineáil, aon earraí, seirbhísí (lena n-áirítear iasachtaí) agus/nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh agus/nó ***aon idirbheart*** eile arb ionann ***é*** agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, cé is moite de ranníocaíochtaí***, táillí comhlachais, acmhainní dílse coimhdeacha*** agus ***gnáthghníomhaíochtaí*** polaitiúla a dhéanann daoine aonair ar bhonn saorálach;

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) ciallaíonn **"**ranníocaíocht ó ***chomhaltaí" aon íocaíocht in airgead tirim***, lena n-áirítear táillí comhaltais, nó aon ranníocaíocht comhchineáil, nó aon earraí, seirbhísí (lena n-áirítear iasachtaí) nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an	(8) ciallaíonn **'**ranníocaíocht***' aon íocaíocht, seachas i gcás ina gcuirtear in iúl go soiléir go dtagann an ranníocaíocht*** ó ***bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh***, lena n-áirítear táillí comhaltais, nó aon ranníocaíocht comhchineáil, nó aon

mhargaidh agus ***le hidirbheart ar bith*** eile arb ionann é agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, ***nuair is é*** an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach nó ***duine dá gcuid*** comhaltaí faoi seach ***a sholáthraíonn é***, cé is moite de ghnáthghníomhaíochtaí polaitiúla a dhéanann daoine aonair ar bhonn saorálach;

earraí, seirbhísí (lena n-áirítear iasachtaí) nó oibreacha a sholáthar faoi bhun luach an mhargaidh agus ***aon idirbheart*** eile arb ionann é agus buntáiste eacnamaíoch don pháirtí polaitiúil Eorpach nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann, ***a fhaigheann*** an páirtí polaitiúil Eorpach ***sin*** nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach ***sin ó cheann dá*** comhaltaí ***nó dá comhaltaí a bhfuil a shuíomh aige nó a áit chónaithe aige nó a háit chónaithe aici san Aontas***, cé is moite de ghnáthghníomhaíochtaí polaitiúla a dhéanann daoine aonair ar bhonn saorálach;

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8 a) ciallaíonn 'táillí comhlachais' aon íocaíocht a fhaigheann an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach ó cheann dá bhallpháirtithe nó bhalleagraíochtaí nó ballpháirtithe nó balleagraíochtaí a bhfuil a shuíomh aige i dtríú tír ar cuid de Chomhairle na hEorpa í agus a bhfuil lánchearta ionadaíochta aige inti;

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ciallaíonn 'acmhainní dílse' ioncam a ghintear le gníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse, amhail táillí ***comhdhála agus díolacháin foilseachán***;	(9) ciallaíonn 'acmhainní dílse ***coimhdeacha***' ioncam a ghintear le gníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse, amhail ***ó ghníomhaíochtaí comhpháirteacha le heintitis pholaitiúla eile, díol foilseachán,*** táillí ***rannpháirtíochta le haghaidh comhdhálacha nó ceardlann, nó gníomhaíochtaí eile a bhfuil baint***

dhíreach acu le gníomhaíochtaí polaitiúla;

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ciallaíonn 'maoiniú indíreach' cistiú óna bhfaigheann an ballpháirtí buntáiste airgeadais, fiú i gcás nach n-aistrítear aon chistí go díreach; ba cheart go n-áireofaí leis sin cásanna lena gceadaítear don bhallpháirtí caiteachas a sheachaint a bheadh air murach sin a thabhú chun gníomhaíochtaí, seachas gníomhaíochtaí ***polaitiúla ar mhaithe leis an leas coiteann***, a bheadh eagraithe chun a thairbhe féin agus chun a leasa aonair;	(10) Ciallaíonn 'maoiniú indíreach' cistiú óna bhfaigheann an ballpháirtí buntáiste airgeadais, fiú i gcás nach n-aistrítear aon chistí go díreach; ba cheart go n-áireofaí leis sin cásanna lena gceadaítear don bhallpháirtí caiteachas a sheachaint a bheadh air murach sin a thabhú chun gníomhaíochtaí, seachas gníomhaíochtaí ***comhpháirteacha le heintitis pholaitiúla eile arna gcómhaoiniú a mhéid a bhaineann siad le saincheisteanna atá ábhartha do réimse gníomhaíochtaí an Aontais***, a bheadh eagraithe chun a thairbhe féin agus chun a leasa aonair;

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ciallaíonn 'fógraíocht pholaitiúil' ***fógrán de réir bhrí phointe*** (2) d'***Airteagal 2 de Rialachán*** (AE) 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla];	(16) ciallaíonn 'fógraíocht pholaitiúil' ***'fógraíocht' mar a shainmhínítear i bpointe*** (2) d'***Airteagal 2*** de Rialachán (AE) 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú ***na*** fógraíochta polaitiúla];

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ciallaíonn '***fógraíocht pholaitiúil' fógraíocht de réir bhrí phointe*** (3)	(17) ciallaíonn '***fógra polaitiúil' 'fógra' mar a shainmhínítear é i bpointe*** (3)

d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla];***]***	d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú ***na*** fógraíochta polaitiúla];

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ciallaíonn 'seirbhísí fógraíochta polaitiúla' seirbhísí ***de réir bhrí phointe*** (5) d'Airteagal 2 de Rialachán 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú fógraíochta polaitiúla];	(18) ciallaíonn 'seirbhísí fógraíochta polaitiúla' 'seirbhísí' ***mar a shainmhínítear iad i bpointe*** (5) d'Airteagal 2 de Rialachán ***(AE)*** 2022/xx [maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú ***na*** fógraíochta polaitiúla];

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) comhlíonann sé, go háirithe ina chlár agus ina ***ghníomhaíochtaí***, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chuirtear in iúl in ***Airteagal 2 CAE***, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas***,*** ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad ***. Sólathráíonn*** sé dearbhú i scríbhinn ***ag úsáid*** an teimpléid in ***Iarscríbhinn I*** ;	(d) comhlíonann sé, go háirithe ina chlár agus ina ***chuid gníomhaíochtaí***, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chuirtear in iúl in ***Airteagal 2 CAE iad***, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas ***agus*** ar an smacht reachta***, mar aon le*** meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad***, agus soláthraíonn*** sé dearbhú i scríbhinn ***chuige sin i bhfoirm*** an teimpléid in ***Iarscríbhinn I***;

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***áirithítear leis*** freisin go n-urramaíonn ***na*** ballpháirtithe a bhfuil a	(e) ***áirithíonn sé*** freisin go n-urramaíonn ***a chuid*** ballpháirtithe a bhfuil

suíomh san Aontas acu na luachanna a chuirtear in iúl in ***Airteagal 2 CAE*** agus go n-urramaíonn ***na*** ballpháirtithe a bhfuil a suíomh ***lasmuigh den Aontas*** na luachanna coibhéiseacha***.*** Soláthraíonn sé dearbhú i scríbhinn ***ag úsáid*** an teimpléid in ***Iarscríbhinn I***;	a suíomh san Aontas acu na luachanna a chuirtear in iúl in ***Airteagal 2 CAE*** agus go n-urramaíonn ***a chuid*** ballpháirtithe a bhfuil a suíomh ***acu i dtríú tír ar cuid de Chomhairle*** na ***hEorpa í agus a bhfuil lánchearta ionadaíochta aici inti*** luachanna coibhéiseacha***, agus*** soláthraíonn sé dearbhú i scríbhinn ***chuige sin i bhfoirm*** an teimpléid in ***Iarscríbhinn I***;

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) comhlíonann sé, go háirithe ina chlár agus ina ***ghníomhaíochtaí***, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chuirtear in iúl in ***Airteagal 2 CAE***, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad **.** ***Sólathráíonn*** sé dearbhú i scríbhinn ***ag úsáid*** an teimpléid in ***Iarscríbhinn I*** ;	(c) comhlíonann sé, go háirithe ina chlár agus ina ***chuid gníomhaíochtaí***, na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chuirtear in iúl in ***Airteagal 2 CAE iad***, eadhon, meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad***, agus soláthraíonn*** sé dearbhú i scríbhinn ***chuige sin i bhfoirm*** an teimpléid in ***Iarscríbhinn I***;

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***áirithítear leis*** freisin go n-urramaíonn a chuid balleagraíochtaí a bhfuil a suíomh san Aontas acu na luachanna a chuirtear in iúl in ***Airteagal 2 CAE*** agus go n-urramaíonn a chuid balleagraíochtaí a bhfuil a suíomh ***lasmuigh den Aontas*** na luachanna coibhéiseacha***.*** Soláthraíonn sé dearbhú i scríbhinn ***ag úsáid*** an teimpléid in	(d) ***áirithíonn sé*** freisin go n-urramaíonn a chuid balleagraíochtaí a bhfuil a suíomh san Aontas acu na luachanna a chuirtear in iúl in ***Airteagal 2 CAE*** agus go n-urramaíonn a chuid balleagraíochtaí a bhfuil a suíomh ***acu i dtríú tír ar cuid de Chomhairle*** na ***hEorpa é agus a bhfuil lánchearta ionadaíochta aige inti*** luachanna coibhéiseacha***, agus*** soláthraíonn sé

Iarscríbhinn I;	dearbhú i scríbhinn ***chuige sin i bhfoirm*** an teimpléid in ***Iarscríbhinn I***;

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ceanglas ar na ballpháirtithe lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a thaispeáint ar bhealach atá infheicthe go soiléir agus áisiúil don úsáideoir, ag sonrú go bhfuil sé le bheith ar bharr leathanach tosaigh shuíomh gréasáin an bhallpháirtí agus ar bhealach atá chomh hinfheicthe céanna agus lógó an bhallpháirtí féin;	***scriosta***

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 - pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) a rialacha inmheánacha maidir le ***cothromaíocht*** inscne.	(j) a ***chuid*** rialacha inmheánacha ***féin*** maidir le ***comhionannas*** inscne.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4a
	Oibleagáidí trédhearcachta maidir le húsáid lógónna, foilsiú na gclár polaitiúil agus cothromaíocht inscne
	1. Áiritheoidh gach páirtí polaitiúil Eorpach go bhfoilseoidh na ballpháirtithe clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh ar a suíomhanna gréasáin. Taispeánfar lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh ar bhealach

sofheicthe ag barr an leathanaigh tosaigh ar shuíomh gréasáin an bhallpháirtí.

2. Foilseoidh gach páirtí polaitiúil Eorpach agus a bhallpháirtithe faisnéis ar a suíomhanna gréasáin faoin gcothromaíocht inscne i measc na n-iarrthóirí i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa a tharlaíonn tar éis an ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], mar aon le faisnéis nuashonraithe maidir le hionadaíocht na n-inscní i measc Fheisirí Pharlaimint na hEorpa. Áiritheoidh gach páirtí polaitiúil Eorpach go ndéanfaidh a bhallpháirtithe an fhaisnéis sin i dtaca lena gcuid iarrthóirí faoi seach sna toghcháin Eorpacha agus i dtaca le Feisirí Pharlaimint na hEorpa a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh gach páirtí polaitiúil Eorpach***, laistigh de chúig lá oibre ón uair a scaipfear é den chéad uair,*** faisnéis a tharchur chuig an Údarás maidir le gach fógra polaitiúil a urraíonn nó a fhoilsíonn sé go díreach ionas gur féidir leis na saoránaigh comhthéacs níos leithne ***na fógraíochta*** pholaitiúil a thuiscint ***agus a aidhmeanna a thuiscint***. Áireofar san fhaisnéis sin ar a laghad an fhaisnéis a liostaítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II.	2. Déanfaidh gach páirtí polaitiúil Eorpach faisnéis a tharchur chuig an Údarás maidir le gach fógra polaitiúil a urraíonn ***sé*** nó a fhoilsíonn sé go díreach ionas gur féidir leis na saoránaigh comhthéacs níos leithne ***agus cuspóirí an fhógra*** pholaitiúil a thuiscint. Áireofar san fhaisnéis sin ar a laghad an fhaisnéis a liostaítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II. ***Cuirfear an fhaisnéis ar fáil don Údarás i bhfoirm atá inrochtana agus i dteanga shoiléir.***

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Foilseoidh an tÚdarás an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ***láithreach*** sa stór	3. Foilseoidh an tÚdarás an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 sa stór lárnach dá

lárnach dá bhforáiltear in ***Airteagal 8. Cuirfear an fhaisnéis i láthair i bhfoirm atá inrochtana go héasca, infheicthe go soiléir agus soláimhsithe, agus i dteanga shimplí.***

bhforáiltear in ***Airteagal 8 gan moill mhíchuí.***

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ainmneoidh na Ballstáit údarás rialála náisiúnta amháin nó níos mó atá inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh míreanna 1, 2 agus 4 agus tabharfaidh siad fógra don Údarás ina leith sin. Déanfaidh na húdaráis nó do na comhlachtaí rialála náisiúnta sin a gcumhachtaí a fheidhmiú go neamhchlaonta agus go trédhearcach agus ba cheart dóibh a bheith leithleach go dlíthiúil ón rialtas agus neamhspleách ó thaobh feidhme ar a rialtais faoi seach agus ar aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile. Foilseoidh an tÚdarás ar a shuíomh gréasáin liosta d'údaráis rialála náisiúnta na mBallstát agus coinneoidh sé cothrom le dáta é. Beidh cinntí na n-údarás rialála náisiúnta faoi réir leigheasanna dlíthiúla éifeachtacha. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir sásamh iomchuí a lorg, arna iarraidh sin d'aon pháirtí leasmhar, á cheangal ar an bPáirtí Polaitiúil Eorpach deireadh a chur le haon sárú ar na hoibleagáidí atá leagtha síos i mír 1, i mír 2 nó i mír 4.	***scriosta***

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) a chuid rialacha inmheánacha féin maidir le comhionannas inscne.

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6a
	Ceanglais maidir le rialacha comhionannais inscne
	1.Beidh comhlachtaí rialaithe coláisteacha de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cothrom ó thaobh inscne de.
	2. Glacfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha plean maidir le comhionannas inscne lena n-áireofar sásraí chun rannpháirtíocht ghníomhach na mban ina n-éagsúlacht uile a áirithiú agus iarrfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha ar a mballpháirtithe amhlaidh a dhéanamh.
	3. Beidh prótacal ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha chun gnéaschiapadh agus ciapadh ar fhorais inscne a chosc, a bhrath agus a chomhrac. Áiritheoidh siad neamhspleáchas agus saineolas na saineolaithe a bheidh i mbun imscrúduithe agus déanfaidh siad bearta iomchuí i leith dhéantóirí na ngníomhartha sin. Déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha an toirmeasc ar ghníomhartha gnéaschiaptha agus ciaptha ar fhorais inscne a ionchorprú ina rialacha inmheánacha.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is é an tÚdarás a dhéanfaidh cinneadh maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus	Is é an tÚdarás a dhéanfaidh cinneadh maidir le páirtithe polaitiúla Eorpacha agus

fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chlárú agus a dhíchlárú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Sa bhreis air sin, déanfaidh an tÚdarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos in ***Airteagal 3*** agus na forálacha maidir le rialachas a leagtar amach i ***gcomhréir le Airteagal 4(1),*** ***pointí (***a), (b), (d), (e) ***agus*** (f)***,*** agus ***le Airteagal 6***(1)***, pointí*** (a) go (e)***,*** agus (g)***,*** á gcomhlíonadh i gcónaí ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá cláraithe.

fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a chlárú agus a dhíchlárú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Sa bhreis air sin, déanfaidh an tÚdarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos in ***Airteagal 3*** agus na forálacha maidir le rialachas a leagtar amach i ***bpointí*** (a), (b), (d), (e)***,*** (f) agus (***h) d'Airteagal 4(***1) ***agus i bpointí*** (a) go (e) agus ***pointe*** (g) ***d'Airteagal 6(1)*** á gcomhlíonadh i gcónaí ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá cláraithe.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfar aon leasuithe ar na doiciméid nó na reachtanna arna dtíolacadh mar chuid den iarratas ar chlárú i gcomhréir le ***hAirteagal 9***(2) a chur i bhfógra chuig an Údarás agus déanfaidh an tÚdarás an clárú a nuashonrú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in ***Airteagal 18***(2) agus (4), mutatis mutandis.	5. Déanfar aon leasuithe ar na doiciméid nó na reachtanna arna dtíolacadh mar chuid den iarratas ar chlárú i gcomhréir le ***hAirteagal 9***(2) a chur i bhfógra chuig an Údarás ***laistigh de 2 mhí. Déanfaidh*** an tÚdarás an clárú a nuashonrú ***i bhfianaise na leasuithe sin, ag cur*** na nósanna imeachta a leagtar amach in ***Airteagal 18***(2) agus (4) ***i bhfeidhm ar bhealach*** *mutatis mutandis*.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Déanfar liosta nuashonraithe de bhallpháirtithe páirtí pholaitiúil Eorpaigh, a bheidh i gceangal le reachtanna an pháirtí i gcomhréir le ***hAirteagal 4***(2), a chur chuig an Údarás gach bliain. Aon athruithe a bhféadfadh sé nach gcomhlíonfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 3(1)(b), pointe (b),	6. Déanfar liosta nuashonraithe de bhallpháirtithe páirtí pholaitiúil Eorpaigh, a bheidh i gceangal le reachtanna an pháirtí i gcomhréir le ***hAirteagal 4***(2), a chur chuig an Údarás ***faoin 30 Meán Fómhair*** gach bliain. Aon athruithe a bhféadfadh sé nach gcomhlíonfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach an coinníoll a leagtar síos in Airteagal

a thuilleadh dá n-éis, déanfar iad a chur in iúl don Údarás laistigh de cheithre seachtaine ó tharlaíonn athrú den sórt sin.	3(1)(b), pointe (b), a thuilleadh dá n-éis, déanfar iad a chur in iúl don Údarás laistigh de cheithre seachtaine ó tharlaíonn athrú den sórt sin.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Comhlíonadh coinníollacha agus ceanglais an chláraithe ***a fhíorú***	***Fíorú, arna dhéanamh ag an Údarás, ar a mhéid atá*** coinníollacha agus ceanglais an chláraithe ***á gcomhlíonadh agus scrúdú, arna ndéanamh ag an Údarás, ar na forais le baint den Chlár***

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos ***i mír 3 den Airteagal seo*** , déanfaidh an tÚdarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos in ***Airteagal 3*** agus na forálacha maidir le rialachas a leagtar amach ***i n Airteagal 4(1), pointí (***a), (b), (d), (e) ***agus*** (f)***,*** agus ***in Airteagal 6***(1)***, bpointe*** (a) go ***pointe*** (e) agus ***pointe*** (g) á gcomhlíonadh i gcónaí ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá cláraithe.	1. Gan dochar don nós imeachta a leagtar síos ***in Airteagal 11a***, déanfaidh an tÚdarás a fhíorú go tráthrialta go bhfuil na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos in ***Airteagal 3*** agus na forálacha maidir le rialachas a leagtar amach ***i bpointí*** (a), (b), (d), (e)***,*** (f) agus (***h) d'Airteagal 4(***1) ***agus i bpointí*** (a) go (e) agus ***pointe*** (g) ***d'Airteagal 6(1)*** á gcomhlíonadh i gcónaí ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha atá cláraithe.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Má fheictear don Údarás nach bhfuil aon cheann*** de na ***coinníollacha don chlárú nó aon cheann de na***	2. ***I gcás ina measann*** an tÚdarás***, tar éis fíorú arna dhéanamh faoi mhír 1 den Airteagal seo, go bhféadfadh feidhm a***

forálacha rialachais dá dtagraítear i mír 1, cé is moite de na coinníollacha in Airteagal 3(1), bpointe (d) agus in Airteagal 3(2), bpointe (c) á gcomhlíonadh a thuilleadh, tabharfaidh sé fógra ina thaobh sin don pháirtí nó fondúireacht polaitiúil Eorpach lena mbaineann.

bheith ag ceann de na forais díchláraithe faoi Airteagal ***19(1),*** pointe ***(a)(i) nó (ii), maidir le*** páirtí polaitiúil Eorpach nó ***fondúireacht pholaitiúil Eorpach,*** déanfaidh an tÚdarás, gan moill mhíchuí, an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a chur ar an eolas***.***

I gcás ina bhfuil an tÚdarás ar an eolas faoi imthosca lena dtugtar le fios go bhféadfadh feidhm a bheith ag ceann de na forais díchláraithe faoi Airteagal 19(1), pointe (a), nó faoi Airteagal 19(2) maidir le páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, déanfaidh an tÚdarás, gan moill mhíchuí, an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a chur ar an eolas.

Agus páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach á chur ar an eolas nó á cur ar an eolas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír nó leis an dara fomhír, iarrfaidh an tÚdarás ar ***an bpáirtí polaitiúil Eorpach*** sin ***nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach sin a bharúlacha nó a barúlacha a thíolacadh laistigh d'aon mhí amháin ón dáta a gheofar an fhaisnéis lena mbaineann.***

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***1 Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di uaithi féin nó ar iarraidh réasúnaithe ó ghrúpa saoránach, arna tíolacadh i gcomhréir le forálacha ábhartha a Rialacha Nós Imeachta, nó an Chomhairle nó an Coimisiún, iarraidh ar fhiorú an bhfuil páirtí polaitiúil Eorpach ar leith nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar leith ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i n Airteagal 3***(1), ***pointe (d***), ***agus in*** Airteagal 3(2), ***bpointe (c) a thaisceadh*** leis an ***Údarás. I***	3. ***I gcás nach gcomhlíontar pointe*** (***c), (f) nó (g) d'Airteagal 3(***1), ***pointe (e***), ***(f) nó (g) d'***Airteagal 3(2) ***nó na forálacha rialachais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo***, ***tabharfaidh an tÚdarás an deis don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann na bearta is gá a thabhairt isteach chun an cás a leigheas laistigh den sprioc dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo. Féadfaidh an tÚdarás síneadh a chur*** leis

gcásanna den sórt sin agus ***sna cásanna dá dtagraítear i n Airteagal 19(3), pointe (a), iarrfaidh an tÚdarás ar choiste na ndaoine neamhspleácha oirirce dá dtagraítear in Airteagal 14 tuairim a thabhairt uaidh ar an ábhar. Tabharfaidh an Coiste a thuairim uaidh laistigh de 2 mhí.***

an ***sprioc tar éis dó iarraidh réasúnaithe a fháil ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann más gá agus más iomchuí síneadh*** den sórt sin***,*** agus ***a mhéid is gá agus is iomchuí é, i dtaca leis na bearta ceartaitheacha arna mbeartú ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach.***

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás fios faoi fhíorais a d'fhéadfadh amhras a chruthú i dtaobh gan na coinníollacha a leagtar síos i n Airteagal 3(1), pointe (d) agus i n Airteagal 3(2), pointe (c) a bheith á gcomhlíonadh ag páirtí polaitiúil Eorpach ar leith nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar leith, cuirfidh sé an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún d'fhonn deis a thabhairt do cheachtar acu iarraidh ar fhíorú, amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a thaisceadh. Gan dochar don chéad fhomhír, déanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún a rún intinne ina leith sin a chur in iúl laistigh de dhá mhí ón bhfaisnéis sin a fháil.	***scriosta***

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na nósanna imeachta a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, ní dhéanfar iad a thionscnamh laistigh de thréimhse dhá mhí roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Ní bheidh	***scriosta***

feidhm ag an teorainn ama sin maidir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 12.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ag féachaint don tuairim ón gcoiste, cinnfidh an tÚdarás cibé a ndéanfaidh sé an páirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a dhíchlárú. Beidh réasúnú cuí ag gabháil le cinneadh an Údaráis.	***scriosta***

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le cinneadh ón Údarás díchlárú a dhéanamh ar fhorais neamhchomhlíonta na gcoinníollacha a leagtar amach i n Airteagal 3(1),pointe (d), nó i n Airteagal 3(2), pointe (c), , ní fhéadfar é a ghlacadh ach amháin i gcás gur ann do shárú follasach agus tromchúiseach ar na coinníollacha sin. Beidh sé faoi réir an nós imeachta a leagtar amach i mír 4.	***scriosta***

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Maidir le ***cinneadh ón Údarás páirtí nó fondúireacht*** pholaitiúil Eorpach a ***dhíchlárú ar an bhforas gur ann do shárú follasach agus tromchúiseach a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na***	4. ***Ar dhul in éag do na tréimhsí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, nó tar éis dó aon bharúlacha nó faisnéis*** maidir le ***bearta ceartaitheacha a fháil ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ón***

gcoinníollacha a leagtar amach i n Airteagal ***3***(1)***, pointe (d), nó i n*** Airteagal ***3***(2)***, pointe (c), déanfar é a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh de thréimhse thrí mhí tar éis an cinneadh a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle*** nó ***más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus*** an ***Comhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. I gcás go ndéanann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid, fanfaidh an páirtí nó an*** fhondúireacht ***polaitiúil*** Eorpach ***cláraithe***.

bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach ***lena mbaineann laistigh den tréimhse sin, déanfaidh an tÚdarás, gan aon mhoill mhíchuí agus i bhfianaise aon bharúlacha den sórt sin arna gcur isteach ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach,*** a ***mheas an bhfuil feidhm ag aon cheann de na forais díchláraithe faoi phointe (a) d'***Airteagal ***19***(1) ***nó faoi*** Airteagal ***19***(2) ***maidir leis an bpáirtí polaitiúil Eorpach*** nó an fhondúireacht ***pholaitiúil*** Eorpach.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní féidir le Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ach amháin ar fhorálacha a bhaineann le measúnú chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le chlárú a leagtar amach i n Airteagal 3(1) , pointe (d),agus i n Airteagal 3(2), pointe (c).	***scriosta***

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfear in iúl don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann go ndearnadh agóid in aghaidh an chinnidh ón Údarás é nó í a	***scriosta***

dhíchlárú.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle seasamh a ghlacadh i gcomhréir lena rialacha cinnteoireachta faoi seach de réir mar atá leagtha síos i gcomhréir leis na Conarthaí. Beidh réasúnú cuí ag gabháil le haon agóid agus poibleofar í.	***scriosta***

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Maidir le cinneadh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú, agus nach ndearnadh agóid in aghaidh an chinnidh faoin nós imeachta a leagtar síos i mír 4, mar aon le le forais mhionsonraithe don díchlárú, tabharfar fógra ina leith don pháirtí nó fondúireacht pholaitiúil lena mbaineann agus foilseofar é in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Gabhfaidh éifeacht leis an gcinneadh ach a dtabharfar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 297 CFAE.	***scriosta***

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Forghéillfidh fondúireacht pholaitiúil Eorpach a stádas mar fhondúireacht den sórt sin go	***scriosta***

huathoibríoch má bhaintear an páirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamhnaithe den Chlár.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 11a
	Fíorú na gcoinníollacha clárúcháin a bhaineann leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe
	1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ag gníomhú di ar a conlán féin nó tar éis di iarraidh réasúnaithe a fháil ó ghrúpa saoránach, arna tíolacadh i gcomhréir le forálacha ábhartha a cuid Rialacha Nós Imeachta, nó an Chomhairle nó an Coimisiún iarraidh ar fhíorú an bhfuil páirtí polaitiúil Eorpach ar leith nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar leith ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i bpointí (d) agus (e) d'Airteagal 3(1) agus i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 3(2) a thaisceadh leis an Údarás. I gcásanna den sórt sin, agus sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 11b(2), cuirfidh an tÚdarás an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann ar an eolas gan moill mhíchuí, iarrfaidh sé air nó uirthi a chuid nó a cuid barúlacha a chur isteach agus tabharfaidh sé deis dó nó di bearta a thabhairt isteach chun an cás a leigheas laistigh d'aon mhí amháin.
	Féadfaidh an tÚdarás síneadh a chur leis an tréimhse tar éis dó iarraidh réasúnaithe a fháil ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann más gá síneadh den sórt sin, agus a mhéid is gá agus is iomchuí é, i dtaca leis na bearta ceartaitheacha arna mbeartú ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil

Eorpach.

Ar dhul in éag don tréimhse a luaitear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír nó tar éis dó aon bharúlacha agus faisnéis maidir le bearta ceartaitheacha a fháil ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann laistigh den tréimhse sin, déanfaidh an tÚdarás na barúlacha a thug an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, an tuairisc ar na bearta ceartaitheacha a ghlac an páirtí nó an fhondúireacht sin a chur faoi bhráid choiste na ndaoine neamhspleácha oirirce dá dtagraítear in Airteagal 14, agus iarrfaidh sé ar an gcoiste sin tuairim a thabhairt ar an ábhar. Tabharfaidh an Coiste a thuairim uaidh laistigh de 2 mhí.

I gcás ina bhfaighidh an tÚdarás amach faoi fhíorais a fhágann go bhfuil amhras ann an bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i bpointí (d) agus (e) d'Airteagal 3(1) agus i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 3(2) á gcomhlíonadh ag páirtí polaitiúil Eorpach ar leith nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach ar leith, cuirfidh an tÚdarás an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún d'fhonn deis a thabhairt d'aon cheann acu iarraidh ar fhíorú, amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a thaisceadh. Gan dochar don chéad fhomhír, cuirfidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún in iúl laistigh de dhá mhí ón bhfaisnéis sin a fháil má tá sé ar intinn acu iarraidh ar fhíorú a thaisceadh.

2. Ní dhéanfar na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 1 a thionscnamh laistigh de thréimhse 2 mhí roimh na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

3. Déanfaidh an tÚdarás cinneadh an ndéanfaidh sé an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a dhíchlárú, agus tuairim choiste na ndaoine neamhspleácha oirirce dá dtagraítear in Airteagal 14 á cur san áireamh. Beidh

réasúnú cuí ag gabháil le cinneadh an Údaráis.

4. Maidir le cinneadh ón Údarás díchlárú a dhéanamh ar an bhforas nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (d) nó (e) d'Airteagal 3(1) nó i bpointe (c) nó (d) d'Airteagal 3(2), ní fhéadfar é a ghlacadh ach amháin i gcás gur ann do shárú follasach agus tromchúiseach ar na coinníollacha sin. Beidh an cinneadh faoi réir an nós imeachta a leagtar amach i mír 5.

5. Maidir le cinneadh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú ar an bhforas gur ann do shárú follasach agus tromchúiseach ar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (d) nó (e) d'Airteagal 3(1) nó i bpointe (c) nó (d) Airteagal 3(2), déanfar é a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ní thiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh de thréimhse thrí mhí tar éis chur in iúl an chinnidh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Comhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. I gcás ina ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid, fanfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach cláraithe.

6. Ní fhéadfaidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú ach amháin ar fhorais a bhaineann leis an measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le clárú a leagtar amach i bpointe (d) nó (e) d'Airteagal 3(1) agus i bpointe (c) nó (d) d'Airteagal 3(2).

7. I gcás ina ndéantar agóid i gcoinne cinneadh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú, cuirfidh an tÚdarás an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann ar an eolas faoin agóid sin.

8. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle seasamh a ghlacadh i gcomhréir lena rialacha cinnteoireachta faoi seach a bhunaítear i gcomhréir leis na Conarthaí. Aon agóid a dhéanfar i gcoinne cinneadh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a dhíchlárú, beidh réasúnú cuí ag gabháil léi, agus cuirfear ar fáil go poiblí í.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 11b
	Fíorú oibleagáidí faoin dlí náisiúnta
	1. Más rud é gur mhainnigh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach na hoibleagáidí ábhartha faoin dlí náisiúnta is infheidhme de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 17(2) a chomhlíonadh agus más rud é, i bhfianaise na saoirse comhlachais a chumhdaítear in Airteagal 12 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an ghá iolrachas na bpáirtithe polaitiúla san Eoraip a áirithiú, go bhfuil an mhainneachtain tromchúiseach go leor chun údar a thabhairt lena dhíchlárú nó lena díchlárú, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil suíomh an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí iarraidh ar dhíchlárú a dhíriú chuig an Údarás. Beidh réasúnú cuí ag gabháil leis an iarraidh sin. Go háirithe, déanfar na gníomhaíochtaí

neamhdhleathacha agus na ceanglais shonracha náisiúnta nár comhlíonadh a lua go cruinn agus go huileghabhálach inti.

Más rud é go mbaineann ábhar na hiarrata ón mBallstát díreach, nó den chuid is mó, le gnéithe a dhéanann difear d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, mar a chumhdaítear iad in Airteagal 2 CAE, déanfaidh an tÚdarás nós imeachta fiorúcháin a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 11a.

Maidir le haon ábhar eile, i gcás ina ndeimhneoidh an Ballstát san iarraidh uaidh de bhun na chéad fhomhíre gur ann do leigheas éifeachtach ar an iarraidh sin ar an leibhéal náisiúnta agus, i gcás ina mbeidh na leigheasanna uile a bhaineann leis an iarraidh sin ídithe, déanfaidh an tÚdarás, tar éis dó éisteacht le hionadaí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann, a mheas an bhfuil feidhm ag an bhforas díchláraithe faoi phointe (d) d'Airteagal 19(1) maidir leis an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann.

2. Más rud é nár chomhlíon páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, ar bhealach tromchúiseach, na hoibleagáidí ábhartha faoin dlí náisiúnta is infheidhme de bhun an dara fomhír d'Airteagal 17(2), agus má bhaineann an t-ábhar sin díreach, nó den chuid is mó, le gnéithe a dhéanann difear d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar a chumhdaítear iad in Airteagal 2 CAE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh a dhíriú chuig an Údarás i gcomhréir le forálacha na chéad fhomhíre de mhír 1. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1.

3. I ngach cás, gníomhóidh an tÚdarás gan mhoill mhíchuí. Cuirfidh an tÚdarás an Ballstát lena mbaineann agus an páirtí polaitiúil Eorpach nó an

fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann ar an eolas faoi na bearta a rinneadh mar thoradh ar an iarraidh réasúnaithe ar dhíchlárú.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Má chuirtear*** an tÚdarás ar an eolas ***go ndearna*** údarás maoirseachta náisiúnta ***de réir bhrí Airteagal 4, pointe*** (21)***,*** de Rialachán (AE) 2016/679 ***cinneadh*** inar fionnadh gur sháraigh duine nádúrtha nó dlítheanach na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta***.*** agus má fhágann an cinneadh sin***,*** nó i gcás ina mbeidh forais réasúnacha eile ***lena*** chreidiúint***,*** go bhfuil ***nasc*** ag an sárú le gníomhaíochtaí polaitiúla a rinne páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach i gcomhthéacs ***toghcháin do*** Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an tÚdarás an cás sin faoi bhráid choiste na ndaoine neamhspleácha oirirce dá dtagraítear ***in Airteagal 14*** den Rialachán seo. Féadfaidh an tÚdarás, i gcás inar gá, idirchaidreamh a dhéanamh leis an údarás maoirseachta ***náisiúnta*** lena mbaineann.	2. ***Cuirfear*** an tÚdarás ar an eolas ***faoi aon chinneadh arna dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ag*** údarás maoirseachta náisiúnta ***mar a shainmhínítear i bpointe*** (21) ***d'Airteagal 4*** de Rialachán (AE) 2016/679 ***é*** inar fionnadh gur sháraigh duine nádúrtha nó dlítheanach na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta agus má fhágann an cinneadh sin nó i gcás ina mbeidh forais réasúnacha eile ***ann a*** chreidiúint go bhfuil ***baint*** ag an sárú le gníomhaíochtaí polaitiúla a rinne páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach i gcomhthéacs ***thoghcháin*** Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh an tÚdarás an cás sin faoi bhráid choiste na ndaoine neamhspleácha oirirce dá dtagraítear ***in Airteagal 14*** den Rialachán seo. Féadfaidh an tÚdarás, i gcás inar gá, idirchaidreamh a dhéanamh leis an údarás maoirseachta lena mbaineann.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ag féachaint don tuairim ón gcoiste, cinnfidh an tÚdarás, de bhun Airteagal 30(***2***), pointe (a)(vii), an bhforchuirfidh sé smachtbhannaí airgeadais ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann. Beidh réasúnú cuí ag an gcinneadh ón Údarás, go	4. Ag féachaint don tuairim ón gcoiste, cinnfidh an tÚdarás, de bhun Airteagal 30(***1***), pointe (a)(vii), an bhforchuirfidh sé smachtbhannaí airgeadais ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann. Beidh réasúnú cuí ag an gcinneadh ón Údarás, go

háirithe maidir leis an tuairim ón gcoiste, agus foilseofar é go gasta.	háirithe maidir leis an tuairim ón gcoiste, agus foilseofar é go gasta.
Leasú 51	
Togra le haghaidh rialacháin **Airteagal 12 – mír 5**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Ní dochar an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo don nós imeachta a leagtar amach in Airteagal ***11*** .	5. Ní dochar an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo don nós imeachta a leagtar amach in ***Airteagail 11, 11a agus 11b. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 11a(2) maidir leis an nós imeachta a leagtar amach san*** Airteagal ***seo***.
Leasú 52	
Togra le haghaidh rialacháin **Airteagal 13 – mír 1**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú gach bliain maidir le gníomhaíocht fógraíochta ***polaitiúil páirtithe*** polaitiúla Eorpacha. Áireofar sa tuarascáil sin ***achoimre fhíorasach ar*** na tuarascálacha don bhliain ábhartha tuairiscithe arna bhfoilsiú ag páirtithe polaitiúla Eorpacha ***de réir Airteagal 5***(4)***, chomh maith le haon chinntí de chuid na n-údarás rialála náisiúnta arna n-ainmniú faoi Airteagal 5(6) nó de chuid na n-údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 5(7) ina gcinntear gur sháraigh páirtí polaitiúil Eorpach Airteagal 5 den Rialachán seo***.	Déanfaidh an tÚdarás tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú gach bliain maidir le gníomhaíocht fógraíochta polaitiúla ***na bpáirtithe polaitiúla*** Eorpacha. Áireofar sa tuarascáil sin na tuarascálacha don bhliain ábhartha tuairiscithe arna bhfoilsiú ag páirtithe polaitiúla Eorpacha ***i gcomhréir le hAirteagal 5***(4).
Leasú 53	
Togra le haghaidh rialacháin **Airteagal 19 – mír 1**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Déanfaidh*** páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a phearsantacht dhlítheanach ***Eorpach a chailleadh ar fhógra a thabhairt i leith cinnidh de bhun Airteagal 11(5).***	1. ***Caillfidh*** páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a phearsantacht dhlítheanach ***nó a pearsantacht dhlítheanach ar é nó í a bheith bainte den Chlár trí chinneadh ón Údarás:*** ***(a) más rud é, i gcomhthéacs an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 11, go bhfaighidh an tÚdarás*** ***(i) nach bhfuil ceann de na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos i bpointe (a), (b), (c), (f) nó (g) d'Airteagal 3(1), nó i bpointe (a), (b), (e), (f) nó (g) d'Airteagal 3(2) á chomhlíonadh ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach i dtrácht;*** ***(ii) nach bhfuil ceann de na forálacha rialachais a leagtar síos i bpointe (a), (b), (d), (e), (f), (h) nó (i) d'Airteagal 4(1) nó i bpointí (a) go (e) nó (g) d'Airteagal 6(1) á chomhlíonadh ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach i dtrácht;*** ***(iii) go bhfuil an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach i dtrácht i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046;*** ***(iv) go bhfuil an cinneadh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach i dtrácht a chlárú bunaithe ar fhaisnéis atá cinniúnach don chinneadh clárúcháin agus a bhí mícheart nó míthreorach, nó gur trí mheabhlaireacht a fuarthas an cinneadh;*** ***(b) más rud é, i gcomhthéacs an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 11a, go suífidh an tÚdarás go ndearna an páirtí polaitiúil Eorpach i dtrácht nó a bhallpháirtithe nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach i dtrácht nó a balleagraíochtaí sárú follasach agus tromchúiseach ar na coinníollacha maidir le clárú a leagtar síos i bpointe (d) nó (e) d'Airteagal 3(1) nó i bpointe (c) nó (d)***

	d'Airteagal 3(2) agus a bhaineann leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE;
	(c) ar iarraidh ón bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann; nó
	(d) ar iarraidh ó Bhallstát a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 11b(1) agus (3).

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Bainfear*** páirtí polaitiúil Eorpach ***nó*** fondúireacht pholaitiúil Eorpach ***den Chlár trí chinneadh ón Údarás:***	2. ***Más rud é go gcinneann an tÚdarás*** páirtí polaitiúil Eorpach ***a bhaint den Chlár, bainfidh sé den Chlár freisin*** fondúireacht pholaitiúil Eorpach ***atá cleamhnaithe leis.***
(a) mar thoradh ar chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 11(2) go (5);	
(b) sna cúinsí dá bhforáiltear in Airteagal 11(6);	
(c) ar iarraidh ón bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann;	
(d) sna cásanna dá dtagraítear i mhír 3, an chéad fhomhír, pointe (b), :	

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Má mhainnigh*** páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ***go tromchúiseach na hoibleagáidí ábhartha faoin dlí náisiúnta, is infheidhme de bhua an chéad fhomhír d'Airteagal 17(2), a chomhlíonadh, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil an***	3. ***Maidir le cinneadh an Údaráis*** páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach ***a bhaint den Chlár, díreofar é*** chuig an ***bpáirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann*** agus ***tabharfar fógra dó nó di faoi. Foilseofar an***

suíomh iarraidh chuí-réasúnaithe le haghaidh díchlárú a dhíriú chuig an ***Údarás, arb iarraidh é a sainaithneofar leis go beacht*** agus ***go cuimsitheach na gníomhaíochtaí mídhleathacha agus na riachtanais shonracha náisiúnta nár comhlíonadh. Sna cásanna sin, déanfaidh an tÚdarás an méid seo a leanas:***

(a) i dtaobh nithe a bhaineann go heisiach nó den chuid is mó le heilimintí a dhéanann difear d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar atá luaite in Airteagal 2 CAE, nós imeachta fiorúcháin a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 11 (3) den Rialachán seo . Beidh feidhm ag Airteagail 11, (4), (5) agus (6) den Rialachán seo freisin;

(b) le haghaidh aon ní eile, agus nuair a dhearbhóidh an iarraidh réasúnaithe ón mBallstát lena mbaineann go bhfuil na leigheasanna náisiúnta go léir ídithe, a chinneadh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a bhaint den Chlár.

Má mhainnigh páirtí polaitiúil nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach go tromchúiseach na hoibleagáidí ábhartha faoin dlí náisiúnta, is infheidhme de bhua an dara fomhír d'Airteagal 17(2), a chomhlíonadh, agus má bhaineann an ní sin go heisiach nó den chuid is mó le heilimintí a dhéanann difear d'urramú na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe mar atá luaite in Airteagal 2 CAE, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh a dhíriú chuig an Údarás i gcomhréir le forálacha na chéad fhomhíre den mhír seo. Leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh i gcomhréir le den chéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo.

I ngach cás, gníomhóidh an tÚdarás gan mhoill mhíchuí. Cuirfidh an tÚdarás an Ballstát lena mbaineann agus an páirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann ar an eolas faoin obair leantach maidir leis an iarraidh réasúnaithe le haghaidh díchlárú.

cinneadh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh an tÚdarás an dáta foilsithe dá dtagraítear i mír 1 a leagan síos tar éis dul i gcomhairle leis an mBallstát ina bhfuil a shuíomh ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach.	***scriosta***

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le páirtí polaitiúil Eorpach atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, arna ionadú i bParlaimint na hEorpa ag duine amháin dá chomhaltaí ar a laghad, agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in ***Airteagal 136***(1) de Rialachán (AE, Euratom) ***2018/1046*** , féadfaidh sé cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus ***na*** coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar ranníocaíochtaí.	1. Maidir le páirtí polaitiúil Eorpach atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, arna ionadú i bParlaimint na hEorpa ag duine amháin dá chomhaltaí ar a laghad, agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in ***Airteagal 136***(1) de Rialachán (AE, Euratom) ***2018/1046***, féadfaidh sé cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar ranníocaíochtaí ***ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh***.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Glacfar le comhaltas díreach Pharlaimint na hEorpa i gcásanna nach comhalta é

Feisire de Pharlaimint na hEorpa de pháirtí náisiúnta nó réigiúnach atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in ***Airteagal 24*** agus ***in Airteagal*** 25, áireofar le caiteachas is iníoctha trí ranníocaíocht airgeadais caiteachas riaracháin agus caiteachas atá nasctha le cúnamh teicniúil, le cruinnithe, le taighde, le himeachtaí trasteorann, le staidéir, le faisnéis agus foilseacháin, chomh maith le caiteachas atá nasctha le feachtais.	5. Laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in ***Airteagail 24*** agus 25, áireofar le caiteachas is iníoctha trí ranníocaíocht airgeadais ***ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh*** caiteachas riaracháin agus caiteachas atá nasctha le cúnamh teicniúil, le cruinnithe, le taighde, le himeachtaí trasteorann, le staidéir, le faisnéis agus foilseacháin, chomh maith le caiteachas atá nasctha le feachtais.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Ar mhaithe le*** cistiú a fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach***,*** a chomhlíonann coinníollacha ***Airteagal 20***(1) nó (2) iarratas a chomhdú le Parlaimint na hEorpa tar éis glao ar ranníocaíochtaí nó ***tograí***.	1. ***Chun*** cistiú a fháil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a chomhlíonann coinníollacha ***Airteagal 20***(1) nó (2) iarratas a chomhdú le Parlaimint na hEorpa tar éis glao ar ranníocaíochtaí ***ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh*** nó ***glao ar thograí***.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh an ***pháirtí*** polaitiúil Eorpach agus ***don an*** fhondúireacht	2. Déanfaidh an ***páirtí*** polaitiúil Eorpach agus ***an*** fhondúireacht pholaitiúil

pholaitiúil Eorpach, tráth a iarratais nó a hiarratais, na hoibleagáidí a liostaítear in ***Airteagal 26*** a chomhlíonadh***, agus,*** ó dháta an iarratais go dtí deireadh na bliana airgeadais nó na gníomhaíochta arna cumhdach ag an ranníocaíocht nó deontas, ***fanacht faoi chlárú*** sa Chlár agus ní bheidh sé nó sí faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in ***Airteagal 30***(1) agus ***i n bpointe*** (a)(v)***,*** (vi) ***agus*** (***vii) d'Airteagal 30(***2)***, pointí (a) (v) go (ix) .***

Eorpach, tráth a iarratais nó a hiarratais, na hoibleagáidí a liostaítear in ***Airteagal 26*** a chomhlíonadh***.*** Ó dháta an iarratais go dtí deireadh na bliana airgeadais nó na gníomhaíochta arna cumhdach ag an ranníocaíocht nó deontas ***ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh***, ***beidh sé nó sí cláraithe*** sa Chlár ***i gcónaí*** agus ní bheidh sé nó sí faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in ***Airteagal 30***(1) agus ***i bpointí*** (a)(v) ***agus*** (vi) ***d'Airteagal 30***(2)***.***

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach a áireamh ina iarratas fianaise lena léirítear go ndearna a bhallpháirtithe de chuid AE, de ghnáth, clár polaitiúil agus lógó an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh a fhoilsiú ar a shuíomhanna gréasáin, , i gcomhréir le hAirteagal 4(1), pointe (i), i rith na tréimhse 12 mhí roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.	***scriosta***

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach a áireamh ina iarratas fianaise lena léirítear go gcomhlíonann sé Airteagal 4(1), pointe (j), agus go ndearna a bhallpháirtithe faisnéis faoin ionadaíocht inscne i measc na n-iarrthóirí sna toghcháin dheireanacha do Pharlaimint na hEorpa agus faoi éabhlóid na hionadaíochta inscne i measc a bhFeisirí de Pharlaimint na hEorpa a fhoilsiú go leanúnach ar a shuíomhanna	***scriosta***

gréasáin le linn 12 mhí roimh an nóiméad a rinneadh an t-iarratas.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfaidh páirtí polaitiúil Eorpach a áireamh ina iarratas fianaise lena léirítear go bhfuil Airteagal 5 á chomhlíonadh aige, go gcoinníonn sé beartas cothrom le dáta maidir le húsáid fógraíochta polaitiúla agus go bhfuil sé curtha chun feidhme aige i gcaitheamh na 12 mhí roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.	***scriosta***

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Glacfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis an ghlao ar ranníocaíochtaí nó an ghlao ar thograí, agus údaróidh sé agus bainisteoidh sé na leithreasaí comhfhreagracha i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 .	7. Glacfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis ***dhúnadh*** an ghlao ar ranníocaíochtaí ***ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh*** nó an ghlao ar thograí, agus údaróidh sé agus bainisteoidh sé na leithreasaí comhfhreagracha i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Deonacháin, ranníocaíochtaí agus acmhainní ***dílse***	Deonacháin, ranníocaíochtaí***, táillí comhlachais*** agus acmhainní ***coimhdeacha eile***

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tráth a ráitis airgeadais bhliantúla a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 26 tarchuirfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha liosta na ndeontóirí uile mar aon lena ndeonacháin chomhfhreagracha, ag léiriú nádúr agus luach na ndeonachán aonair. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le ranníocaíochtaí arna ndéanamh ag ballpháirtithe de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag balleagraíochtaí d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha.	2. Tráth a ráitis airgeadais bhliantúla a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 26 tarchuirfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha liosta na ndeontóirí uile mar aon lena ndeonacháin chomhfhreagracha, ag léiriú nádúr agus luach na ndeonachán aonair. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le ranníocaíochtaí ***agus táillí comhlachais*** arna ndéanamh ag ballpháirtithe de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag balleagraíochtaí d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ***agus maidir le ranníocaíochtaí níos mó ná EUR 1 500 arna ndéanamh ag comhaltaí aonair de pháirtithe polaitiúla Eorpacha agus d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha***.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás deonacháin ó dhaoine nádúrtha ar mó a luach ná ***EUR 1500*** agus atá faoi bhun ***EUR 3000*** nó comhionann leis, déanfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a ***léiriú i dtaobh ar sholáthair na deontóirí*** comhfhreagracha toiliú roimh ré i scríbhinn iad ***a fhoilsiú*** i gcomhréir le ***Airteagal 36(1), ,*** pointe (e).	I gcás deonacháin ***agus ranníocaíochtaí*** ó dhaoine nádúrtha ar mó a luach ná ***EUR 1 500*** agus atá faoi bhun ***EUR 3 000*** nó comhionann leis, déanfaidh an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a ***chur in iúl ar thug na daoine nádúrtha*** comhfhreagracha toiliú roimh ré i scríbhinn ***go bhfoilseofaí*** iad i gcomhréir le pointe (e) ***d'Airteagal 36(1)***.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfar deonacháin arna bhfáil ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha laistigh de shé mhí roimh thoghcháin do Pharlaimint na ***hEorpa maille le caiteachas*** a ***chistítear ó na deonacháin sin a*** thuairisciú i scríbhinn chuig an Údarás ar bhonn seachtainiúil agus i gcomhréir le ***mír 2***.	3. Déanfar deonacháin arna bhfáil ag páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha laistigh de shé mhí roimh thoghcháin do Pharlaimint na ***hEorpa*** a thuairisciú i scríbhinn chuig an Údarás ar bhonn seachtainiúil agus i gcomhréir le ***mír 2***.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I ***gcás gach*** deonacháin ar mó a luach ná ***EUR 3000***, iarrfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ar ***dheontóirí*** an fhaisnéis is gá a chur ar fáil ***chun*** iad a shainaithint go cuí. Déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha an fhaisnéis a fhaightear a tharchur chuig an Údarás arna iarraidh sin dó.	5. I ***ndáil leis na*** deonacháin ***uile ó dheontóir aonair*** ar mó a luach ***carnach bliantúil*** ná ***EUR 3 000***, iarrfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ar ***na deontóirí sin*** an fhaisnéis is gá a chur ar fáil ***ionas gur féidir*** iad a shainaithint go cuí. Déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha an fhaisnéis a fhaightear a tharchur chuig an Údarás arna iarraidh sin dó.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunóidh an tÚdarás foirm a úsáidfear ***chun críocha*** na chéad ***fhomhíre***.	Bunóidh an tÚdarás foirm a úsáidfear ***ar mhaithe leis*** na ***deontóirí dá dtagraítear sa*** chéad ***fhomhír a aithint***.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 6 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) deonacháin nó ***ranníocaíochtaí*** atá i ndíth ainm;	(a) deonacháin***, ranníocaíochtaí*** nó ***táillí comhlachais*** atá i ndíth ainm;

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 6 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) deonacháin ó aon eintitis phríobháideacha atá bunaithe ***i dtríú tír*** nó ó dhaoine aonair ó ***thríú tír*** nach bhfuil i dteideal vótáil i dtoghcháin ***do*** Pharlaimint na hEorpa.	(d) deonacháin ó aon eintitis phríobháideacha atá bunaithe ***lasmuigh den Aontas*** nó ó dhaoine aonair ó ***lasmuigh den Aontas*** nach bhfuil i dteideal vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Déanfaidh an tÚdarás ***fíorúcháin*** i gcás ina bhfuil ***forais*** aige a chreidiúint gur ***deonaíodh*** deonachán de shárú ar an Rialachán seo. Féadfaidh sé chun na críche sin faisnéis bhreise a iarraidh ón bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach agus óna dheontóirí.	8. Déanfaidh an tÚdarás ***seiceálacha*** i gcás ina bhfuil ***foras*** aige a chreidiúint gur ***glacadh le haon*** deonachán de shárú ar an Rialachán seo. Féadfaidh sé chun na críche sin faisnéis bhreise a iarraidh ón bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach agus óna dheontóirí.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. ***Ceadófar ranníocaíochtaí ó chomhaltaí de pháirtí polaitiúil Eorpach a bhfuil a suíomh i mBallstát, nó ar saoránaigh de Bhallstát iad, nó ó bhallpháirtithe a bhfuil a suíomh i dtír ar cuid de Chomhairle na hEorpaí.*** Ní rachaidh luach iomlán na ranníocaíochtaí ***ó***	9. Ní rachaidh luach iomlán na ranníocaíochtaí ***le*** páirtí polaitiúil Eorpach ***thar 40 % dá bhuiséad bliantúil***.

chomhaltaí thar 40 % den bhuiséad bliantúil atá ag páirtí polaitiúil Eorpach. ***Ní rachaidh luach na ranníocaíochtaí ó bhallpháirtithe a bhfuil a suíomh i dtír lasmuigh den Aontas thar 10 % d'iomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí.***

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	9a. Ní rachaidh luach iomlán na dtáillí comhlachais a íoctar le páirtí polaitiúil Eorpach thar 20 % de luach iomlán na ranníocaíochtaí a dhéantar leis an bpáirtí sin. Ní féidir aon táillí comhlachais a íoc ach amháin faoi chuimsiú na rialacha agus na rátaí is infheidhme go ginearálta arna mbunú ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 10 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. ***Ceadófar ranníocaíochtaí ó chomhaltaí d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach a bhfuil a suíomh i mBallstát, nó ar saoránaigh de Bhallstát iad, nó ó bhalleagraíochtaí a bhfuil a suíomh i dtír ar cuid de Chomhairle na hEorpaí, agus ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamhnaithe.*** Ní rachaidh luach iomlán na ranníocaíochtaí ó chomhaltaí thar 40 % den bhuiséad bliantúil atá ag ***fondúireachta polaitiúla*** Eorpach agus ní dhíorthófar iad ó chistí a fuair páirtí polaitiúil Eorpach de bhun an Rialacháin seo ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. ***Ní rachaidh luach na ranníocaíochtaí ó bhalleagraíochtaí a***	10. Ní rachaidh luach iomlán na ranníocaíochtaí ó chomhaltaí ***le fondúireacht pholaitiúil Eorpach agus an mhaoinithe ón bpáirtí polaitiúil Eorpach lena bhfuil sí cleamhnaithe*** thar 40 % den bhuiséad bliantúil atá ag ***fondúireacht pholaitiúil*** Eorpach agus ní dhíorthófar iad ó chistí a fuair páirtí polaitiúil Eorpach de bhun an Rialacháin seo ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

bhfuil a suíomh i dtír lasmuigh den Aontas thar 10 % d'iomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	10a. Ní rachaidh luach iomlán na dtáillí comhlachais a íoctar le fondúireacht pholaitiúil Eorpach thar 20 % de na ranníocaíochtaí iomlána leis an bhfondúireacht sin.

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
12. Déanfar aon ranníocaíocht nach gceadaítear faoin Rialachán seo a thabhairt ar ais i gcomhréir le ***mír 7***.	12. Déanfar aon ranníocaíocht ***nó táille chomhlachais*** nach gceadaítear faoin Rialachán seo a thabhairt ar ais i gcomhréir le ***mír 7***.

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
13. Ní rachaidh luach acmhainní dílse páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó fondúireachta polaitiúla Eorpaí a ghintear ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse thar ***5 % de bhuiséad bliantúil an pháirtí*** pholaitiúil ***Eorpaigh nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí sin***.	13. Ní rachaidh luach acmhainní dílse ***coimhdeacha*** páirtí pholaitiúil Eorpaigh nó fondúireachta polaitiúla Eorpaí a ghintear ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha dílse thar ***10 % den mhéid arna ghiniúint trí ranníocaíochtaí a dhéantar leis an bpáirtí polaitiúil Eorpach sin nó leis an bhfondúireacht*** pholaitiúil ***Eorpach sin nó trína gcuid táillí comhlachais***.

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha ***agus fondúireachtaí polaitiúla*** ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid chun feachtais reifrinn a mhaoiniú nuair a bhaineann na feachtais sin le ***cur chun feidhme Chonarthaí an Aontais***.	2. Féadfar cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid chun feachtais reifrinn a mhaoiniú nuair a bhaineann na feachtais sin le ***saincheisteanna a bhfuil baint dhíreach acu leis an Aontas Eorpach***.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. D'ainneoin ***Airteagal 241***), ní fhéadfar ***maoiniú*** páirtithe polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid ***le haghaidh maoiniú*** díreach nó ***maoiniú indíreach a dhéanamh ar pháirtithe polaitiúla eile***, go háirithe páirtithe ***náisiúnta*** nó iarrthóirí náisiúnta. Leanfaidh na páirtithe polaitiúla náisiúnta agus na hiarrthóirí náisiúnta sin de bheith faoi rialú ag rialacha náisiúnta.	1. D'ainneoin ***Airteagal 23(10***) ***agus Airteagal 24(1)***, ní fhéadfar ***cistiú*** páirtithe polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile a úsáid ***chun eintitis pholaitiúla eile a chistiú go*** díreach nó ***go hindíreach***, go háirithe páirtithe nó iarrthóirí náisiúnta. Leanfaidh na páirtithe polaitiúla náisiúnta agus na hiarrthóirí náisiúnta sin de bheith faoi rialú ag rialacha náisiúnta.

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní úsáidfear cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile chun aon chríche eile seachas maoiniú a gcúraimí mar a liostaítear in Airteagal 2, pointe (4), agus chun caiteachas atá nasctha go díreach leis na cuspóirí atá leagtha amach ina reachtanna i gcomhréir le	2. Ní úsáidfear cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh nó ó aon fhoinse eile chun aon chríche eile seachas maoiniú a gcúraimí mar a liostaítear in Airteagal 2, pointe (4), agus chun caiteachas atá nasctha go díreach leis na cuspóirí atá leagtha amach ina reachtanna i gcomhréir le

hAirteagal 6 a chumhdach. Ní úsáidfear é go háirithe ***le haghaidh cistiú díreach nó indíreach toghchán***, páirtithe polaitiúla***,*** iarrthóirí ná fondúireachtaí eile.	hAirteagal 6 a chumhdach. Ní úsáidfear é go háirithe ***chun toghcháin***, páirtithe polaitiúla ***nó*** iarrthóirí ***a chistiú go díreach nó go hindíreach sna 6 mhí roimh thoghcháin náisiúnta nó Eorpacha*** ná ***chun*** fondúireachtaí eile ***a chistiú go díreach nó go hindíreach***.

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ar a dhéanaí laistigh de shé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais, déanfaidh ***na*** páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ***na*** fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha***,*** an méid seo a leanas a chur faoi bhráid ***an Údaráis agus cuirfidh siad cóip de chuig*** Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa ***agus chuig Pointe Teagmhála Náisiúnta inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a suíomh***:	1. Ar a dhéanaí laistigh de shé mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais, déanfaidh páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha an méid seo a leanas a chur faoi bhráid Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa ***i bhformáid oscailte atá inléite ag meaisín***:

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) liosta na ndeontóirí agus ***a rannchuiditheoirí*** agus a ***ndeonachán*** comhfhreagrach nó a ***ranníocaíochtaí comhfhreagracha*** arna dtuairisciú i gcomhréir le ***hAirteagal 23***(2), (3) agus (4).	(c) liosta na ndeontóirí agus ***na ranníocóirí*** agus a ***gcuid deonachán*** comhfhreagrach***, a gcuid ranníocaíochtaí*** nó a ***gcuid táillí comhlachais*** arna dtuairisciú i gcomhréir le ***hAirteagal 23***(2), (3) agus (4).

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cóip d'aon doiciméad dá dtagraítear sa chéad fhomhír atá le tíolacadh a sheoladh chuig an Údarás agus chuig Pointe Teagmhála Náisiúnta inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a suíomh. Beidh an chóip sin i bhformáid oscailte atá inléite ag meaisín.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh an tÚdarás rialú ar ***a oibleagáidí*** faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, go háirithe maidir le hAirteagal 3, ***Airteagal 4*****(*1), pointí (***a), (b), (d), (e) ***agus*** (f)***,*** d'***Airteagal 6***(1),pointí (a) go (e) agus (g), ***Airteagal 10***(5) agus (6), ***agus Airteagal 23, Airteagal 24 agus Airteagal 25***.	2. Déanfaidh an tÚdarás rialú ar ***na hoibleagáidí atá orthu*** faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, go háirithe maidir le hAirteagal 3, ***pointí*** (a), (b), (d), (e)***,*** (f) ***agus (h)*** d'***Airteagal 4***(1), ***Airteagal 4a, Airteagal 5,*** pointí (a) go (e) agus (g) ***d'Airteagal 6(1)***, ***Airteagal 10***(5) agus (6) ***agus Airteagal 23. I gcásanna nach bhfuil aon chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh i gceist***, ***déanfaidh sé rialú freisin ar na hoibleagáidí atá orthu faoin faoi Airteagal 25(1) a bheith á gcomhlíonadh ag páirtithe polaitiúla Eorpacha***.

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialú ar na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais faoin Rialachán seo a bheith ***a*** gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla	Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialú ar na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais faoin Rialachán seo a bheith ***á*** gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla

Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ***i gcomhréir le Rialachán*** (EU, Euratom) ***2018/1046*** . Agus an rialú sin á chur i gcrích, déanfaidh Parlaimint na hEorpa na bearta is gá i réimsí chosc agus chomhrac na calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ***agus faoi Rialachán*** (EU, Euratom) ***2018/1046***. Agus an rialú sin á chur i gcrích, déanfaidh Parlaimint na hEorpa na bearta is gá i réimsí chosc agus chomhrac na calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcomhréir le hAirteagal 19, déanfaidh an tÚdarás cinneadh páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a bhaint den Chlár trí bhíthin smachtbhanna in aon cheann de na cásanna seo a leanas:	***scriosta***
(a) go bhfuil an páirtí nó an fhondúireacht i dtrácht i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046;	
(b) nuair a shuitear, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 11(2) go (5), nach gcomhlíonann sé a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(1) nó (2);	
(c) i gcás ina bhfuil cinneadh an páirtí nó an fhondúireacht lena mbaineann a chlárú bunaithe ar fhaisnéis mhícheart nó mhíthreorach as a bhfuil an t-iarratasóir freagrach, nó i gcás gur le calaois a fuarthas cinneadh den sórt sin;	
(d) nuair a thagann iarraidh ó Bhallstát ar dhíchlárú ar bhonn mainneachtain thromchúiseach oibleagáidí faoin dlí náisiúnta a chomhlíonadh agus go gcomhlíonann an iarraidh sin na ceanglais a leagtar amach i n Airteagal 19(3), pointe (b).	

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) i gcás nach gcomhlíontar na gealltanais a thug páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, agus an fhaisnéis a sholáthair siad**,** i gcomhréir ***le h Airteagal 4(1), pointí (***a), (b), (d), (e), (f)**,** agus ***le h Airteagal 6***(1)***, , pointí*** (a), (b), (d) agus (e);	(ii) i gcás nach gcomhlíontar na gealltanais a thug páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach, agus an fhaisnéis a sholáthair siad i gcomhréir ***le pointí*** (a), (b), (d), (e), (f) agus (***h) d'Airteagal 4(***1) ***agus pointí*** (a), (b), (d) agus (e) ***d'Airteagal 6(1)***;

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe a – pointe ii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iia) i gcás nach gcomhlíontar na hoibleagáidí faoi Airteagal 4a(1);

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe a – pointe ii b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iib) i gcás nach gcomhlíontar na hoibleagáidí faoi Airteagal 4a(2);

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe a – pointe ii c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iic) i gcás nach gcomhlíontar na hoibleagáidí faoi Airteagal 5(1) go (5);

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe a – pointe viii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(viii) i gcás ina mainnítear fianaise a sholáthar maidir le lógónna a úsáid agus cláir pholaitiúla a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 21(3);	***scriosta***

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe a – pointe ix

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ix) i gcás ina mainnítear fianaise a sholáthar maidir le honadaíocht inscne i gcomhréir le hAirteagal 21(4);	***scriosta***

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe b – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) i gcás inar ghlac páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach le deonacháin ***agus*** le ranníocaíochtaí nach gceadaítear faoi ***Airteagal 23***(1) nó (***5***), mura rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23(7);	(i) i gcás inar ghlac páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach le deonacháin***,*** le ranníocaíochtaí ***nó le táillí comhlachais*** nach gceadaítear faoi ***Airteagal 23***(1) nó (***6***), mura rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23(7);

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun críocha chur i bhfeidhm mhír ***2*** agus mhír ***3***, déanfar na smachtbhannaí airgeadais seo a leanas a fhorchur ar pháirtí polaitiúil Eorpach nó ar fhondúireacht	4. Chun críocha chur i bhfeidhm mhír ***1*** agus mhír ***2***, déanfar na smachtbhannaí airgeadais seo a leanas a fhorchur ar pháirtí polaitiúil Eorpach nó ar fhondúireacht

pholaitiúil Eorpach:	pholaitiúil Eorpach:

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 4 – pointe b – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) i gcás sáruithe inchainníochtaithe, céatadán seasta de mhéid na suimeanna neamhrialta a ***bhraitear*** nó nach dtuairiscítear i gcomhréir leis an scála seo a leanas, le huasmhéid de ***10 % de*** bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh lena mbaineann nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann:	(b) i gcás sáruithe inchainníochtaithe, céatadán seasta de mhéid na suimeanna neamhrialta a ***fhaightear*** nó nach dtuairiscítear ***nó de na suimeanna a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí cistiúcháin a bhfuil toirmeasc orthu faoi Airteagal 25,*** i gcomhréir leis an scála seo a leanas, ***suas*** le huasmhéid ***10 %*** de bhuiséad bliantúil an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh lena mbaineann nó na fondúireachta polaitiúla Eorpaí lena mbaineann:

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 4 – pointe b – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun na céatadáin atá sonraithe sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm, measfar ar leithligh gach deonachán nó ***ranníocaíocht***.	Chun na céatadáin atá sonraithe sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm, measfar ar leithligh gach deonachán***, ranníocaíocht, táille chomhlachais*** nó ***suim a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí cistiúcháin a bhfuil toirmeasc orthu faoi Airteagal 25***.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Déanfaidh an tÚdarás na méideanna comhfhreagracha a aisghabháil ón bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ón bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach ar forchuireadh smachtbhannaí

airgeadais air nó uirthi.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. D'fhonn na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 38 a chomhlíonadh go hiomlán, ula ndéanfaidh an tÚdarás cinneadh críochnaitheach maidir le haon cheann de na smachtbhannaí dá dtagraítear in Airteagal 30,tabharfaidh an tÚdarás nó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an deis don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann na bearta is gá a thabhairt isteach chun an cor a leigheas laistigh de tréimhse réasúnta ama, nach rachaidh de ghnáth thar aon mhí amháin. Go háirithe, déanfaidh an tÚdarás nó tOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an deis a thabhairt earráidí cléireachais agus uimhríochta a cheartú, doiciméid nó faisnéis bhreise a sholáthar i gcás inar gá sin nó aon mhionbhotúin a cheartú.	1. D'fhonn na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 38 a chomhlíonadh go hiomlán, sula ndéanfaidh an tÚdarás cinneadh críochnaitheach maidir le haon cheann de na smachtbhannaí dá dtagraítear in Airteagal 30***(1)***, ***pointí (a)(i) go (iv),*** tabharfaidh an tÚdarás nó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an deis don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann na bearta is gá a thabhairt isteach chun an cor a leigheas laistigh de tréimhse réasúnta ama, nach rachaidh de ghnáth thar aon mhí amháin. Go háirithe, déanfaidh an tÚdarás nó tOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an deis a thabhairt earráidí cléireachais agus uimhríochta a cheartú, doiciméid nó faisnéis bhreise a sholáthar i gcás inar gá sin nó aon mhionbhotúin a cheartú.

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina mbeidh mainnithe ag páirtí polaitiúil Eorpach nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach bearta ceartaitheacha a dhéanamh laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i ***mír 1***, glacfar cinneadh maidir leis na smachtbhannaí iomchuí dá dtagraítear in ***Airteagal 30*** a fhorchur.	2. I gcás ina mbeidh mainnithe ag páirtí polaitiúil Eorpach nó ag fondúireacht pholaitiúil Eorpach bearta ceartaitheacha ***leordhóthanacha*** a dhéanamh laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i ***mír 1***, glacfar cinneadh maidir leis na smachtbhannaí iomchuí dá dtagraítear in ***Airteagal 30*** a fhorchur.

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 maidir leis na coinníollacha a leagtar amach i n Airteagal 3(1), pointí (b) go (f) agus i n Airteagal 3(2), pointe (c).	***scriosta***

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Téarnamh	***Cinneadh maoiniúcháin a fhoirceannadh le héifeacht don todhchaí***

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Ar bhonn an chinnidh ón Údarás páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach a bhaint den Chlár,*** déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa ***aon chinneadh nó comhaontú*** leanúnach ***maidir le cistiú Aontais*** a tharraingt siar nó a ***fhoirceannadh, ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear i n Airteagal 19(2) „ pointe (c), agus i n Airteagal 3 (1), , pointí (b) agus (f).. Déanfaidh sé aon chistiú Aontais a aisghabháil freisin, lena n-áirítear aon chistí ó bhlianta roimhe sin nár caitheadh.***	1. Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa ***cinneadh*** leanúnach ***maoiniúcháin*** a fhoirceannadh***, ar cinneadh é a bheidh dírithe chuig páirtí polaitiúil Eorpach*** nó ***chuig fondúireacht pholaitiúil Eorpach le héifeacht don todhchaí ar bhonn na bhforas seo*** a ***leanas:***
	(a) cinneadh ón Údarás an páirtí nó an fhondúireacht a bhaint den Chlár, cé is moite de chinneadh bunaithe ar an bhforas díchláraithe a leagtar síos i

bpointe (a)(iv) d'Airteagal 19(1);

(b) cinneadh maidir le smachtbhannaí bunaithe ar phointí (a)(v) agus (vi) d'Airteagal 30(1).

Féadfar foráil a dhéanamh sa chomhaontú ranníocaíochta nó deontais d'fhorais eile maidir le cinneadh maoiniúcháin a fhoirceannadh a mbeidh éifeacht aige don todhchaí.

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***1 Maidir le páirtí*** polaitiúil Eorpach nó ***fondúireacht*** pholaitiúil Eorpach ***ar forchuireadh smachtbhanna air nó uirthi as aon cheann de na sáruithe atá liostaithe in Airteagal 30 (1) agus i n Airteagal 30(2), pointí (a) (v) agus (vi), ní bheidh sé nó sí, ar an gcúis sin, ag comhlíonadh Airteagal 21(2) a thuilleadh. Dá thoradh sin, déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa an comhaontú nó an cinneadh um ranníocaíocht nó deontas maidir le cistiú an Aontais arna fháil faoin Rialachán seo a fhoirceannadh, agus suimeanna arna n-íoc go míchuí faoin gcomhaontú nó cinneadh um ranníocaíocht nó deontas a aisghabháil, lena n-áirítear aon chistí Aontais nár caitheadh ó na blianta roimhe sin. Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa suimeanna arna n-íoc go míchuí faoin gcomhaontú nó faoi chinneadh um ranníocaíocht nó um dheontas a aisghabháil freisin ó dhuine nádúrtha a ndearnadh cinneadh de bhun Airteagal 31 ina leith, ag cur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, imthosca eisceachtúla maidir leis an duine nádúrtha sin.** ***I gcás foirceannadh den sórt sin, déanfar íocaíochtaí ó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa a theorannú go dtí an caiteachas in-aisíoctha a thabhaigh***	2. ***Maidir le cinneadh an cinneadh maoiniúcháin a fhoirceannadh le héifeacht don todhchaí, beidh éifeacht aige ar an lá atá sonraithe sa chinneadh maidir lena fhoirceannadh nó, mura sonraítear lá ar bith ann, ar an lá a thabharfar fógra faoin gcinneadh maidir lena fhoirceannadh don pháirtí*** polaitiúil Eorpach nó ***don fhondúireacht*** pholaitiúil Eorpach***.***

an páirtí polaitiúil Eorpach nó na costais incháilitheacha a thabhaigh an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach suas go dtí an dáta a thiocfaidh an cinneadh um fhoirceannadh i bhfeidhm.

Beidh an mhír seo infheidhme freisin maidir leis na cásanna dá dtagraítear i n Airteagal 19(2), pointe (c), agus i n Airteagal 3(1), , pointí (b) agus (f)

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh na héifeachtaí seo a leanas mar thoradh ar an gcinneadh maoiniúcháin a fhoirceannadh le héifeacht don todhchaí:
	(a) déanfar an comhaontú ranníocaíochta nó deontais a fhoirceannadh ón dáta dá dtagraítear i mír 2;
	(b) déanfar íocaíochtaí ó Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa a theorannú go dtí an caiteachas inaisíoctha a thabhaigh an páirtí polaitiúil Eorpach nó na costais incháilitheacha a thabhaigh an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach suas go dtí an dáta dá dtagraítear i mír 2;
	(c) an caiteachas nó na costais arna dtabhú ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach nó ag an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach ón lá dá dtagraítear i mír 2 mar chaiteachas neamh-inaisíoctha nó mar chostais neamh-incháilithe;
	(d) déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa gach ciste de chuid an Aontais a íocadh go míchuí a aisghabháil, lena n-áirítear:
	(i) cistí an Aontais a caitheadh ar chaiteachas neamh-inaisíoctha nó ar chostais neamh-incháilithe; agus
	(ii) aon réamh-mhaoiniú ón Aontas nár úsáideadh agus nár caitheadh roimh an

dáta dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear cistí de chuid an Aontais nár caitheadh ó bhlianta roimhe sin; agus

(e) déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa aon mhéideanna a aisghabháil a íocadh go míchuí ó dhuine nádúrtha a ndearnadh cinneadh ina leith de bhun Airteagal 31.

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 34a
	Aistarraingt an chinnidh maoiniúcháin le héifeacht chúlghabhálach
	1. Ar bhonn cinneadh arna dhéanamh ag an Údarás lena mbaintear páirtí polaitiúil Eorpach nó fondúireacht pholaitiúil Eorpach den Chlár, bunaithe ar an bhforas díchláraithe a leagtar síos i bpointe (a)(iv) d'Airteagal 19(1), déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinntí maoiniúcháin a bheidh dírithe ar an bpáirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó ar an bhfondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann a tharraingt siar le héifeacht chúlghabhálach ón dáta a ghlacfar na cinntí sin.
	2. Beidh na héifeachtaí seo a leanas mar thoradh ar an gcinneadh maoiniúcháin a tharraingt siar le héifeacht chúlghabhálach :
	(a) déanfar an comhaontú ranníocaíochta nó deontais a scor ón lá a bheidh fógra tugtha faoin scor sin don pháirtí polaitiúil Eorpach lena mbaineann nó don fhondúireacht pholaitiúil Eorpach lena mbaineann;
	(b) déanfar an caiteachas nó na costais ar fad a thabhaíonn an páirtí polaitiúil Eorpach nó an fhondúireacht pholaitiúil Eorpach a cháiliú mar chaiteachas

	neamh-inaisíoctha nó mar chostais neamh-incháilithe; agus
	(c) aon mhéid arna íoc faoin gcomhaontú ranníocaíochta nó deontais, mar aon le haon chistí ón Aontas nár caitheadh ó bhlianta roimhe sin, measfar gur íocaíochtaí neamhdhlite iad agus déanfar iad a aisghabháil faoi Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ***faoi údarás a Oifigigh Údarúcháin*** nó an ***Údaráis***, na nithe seo a leanas a fhoilsiú ***ar shuíomh gréasáin a chruthófar chun na críche sin,*** i bhformáid oscailte atá inléite ag ***meaisín*** :	1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, nó an ***tÚdarás***, ***i gcomhréir le roinnt a gcuid freagrachtaí,*** na nithe seo a leanas a fhoilsiú i bhformáid oscailte atá inléite ag ***meaisín ar shuíomh gréasáin a chruthófar chuige sin***:

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) na ranníocaíochtaí dá dtagraítear in ***Airteagal 23***(9) agus (10) agus a thuairiscigh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le ***hAirteagal 23***(2), lena n-áirítear ***freisin aitheantas*** na mballpháirtithe nó na mballeagraíochtaí a thug na ranníocaíochtaí sin;	(f) na ranníocaíochtaí ***agus táillí comhlachais*** dá dtagraítear in ***Airteagal 23***(9) agus (10) agus a thuairiscigh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le ***hAirteagal 23***(2), lena n-áirítear ***ainm*** na ***gcomhaltaí aonair, na*** mballpháirtithe nó na mballeagraíochtaí a thug na ranníocaíochtaí***, seachas ranníocaíochtaí os cionn EUR 1 500 agus suas le EUR 3 000 sa bhliain, agus an tsuim*** sin ***san áireamh, ó dhaoine nádúrtha i gcás nár thug na daoine sin toiliú i scríbhinn go bhfoilseofaí an fhaisnéis sin***;

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) na táillí comhlachais dá dtagraítear in Airteagal 23(9a) agus (10a) agus a thuairiscigh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 23(2), lena n-áirítear freisin céannacht na bpáirtithe nó na n-eagraíochtaí a rinne na híocaíochtaí, sin;

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1 – pointe f b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fb) na hacmhainní dílse coimhdeacha dá dtagraítear in Airteagal 23(13) agus a thuairiscigh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 23(2);

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Poibleoidh ***Parlaimint na hEorpa*** liosta de na daoine dlítheanacha ar comhaltaí iad de pháirtí polaitiúil Eorpach, liosta a bheidh i gceangal le reachtanna an pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus arna thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 10(6) chomh maith le líon iomlán na gcomhaltaí aonair.	2. Poibleoidh ***an tÚdarás*** liosta de na daoine dlítheanacha ar comhaltaí iad de pháirtí polaitiúil Eorpach, liosta a bheidh i gceangal le reachtanna an pháirtí i gcomhréir le hAirteagal 4(2) agus arna thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 10(6) chomh maith le líon iomlán na gcomhaltaí aonair.

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 37 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Beidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na Ballstáit agus na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha arna n-údarú chun cuntais a iniúchadh faoin Rialachán seo faoi dhliteanas i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme i leith aon damáiste a dhéanann siad agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu de bhun an Rialacháin seo. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe ar an Rialachán seo***, ar Rialachán (AE) 2016/679 agus ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh dá mbun, agus go háirithe i gcás úsáide calaoisí sonraí pearsanta***.	8. Beidh na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, na Ballstáit agus na comhlachtaí nó na saineolaithe neamhspleácha arna n-údarú chun cuntais a iniúchadh faoin Rialachán seo faoi dhliteanas i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme i leith aon damáiste a dhéanann siad agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu de bhun an Rialacháin seo. Áiritheoidh na Ballstáit***, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679,*** go ndéanfar smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm i gcás sáruithe ar an Rialachán seo.

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh feidhm i gcónaí ag aon chéimeanna nós imeachta atá glactha ag Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún, ag Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa nó ag an Údarás i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, nó ar bhonn an Rialacháin sin, agus déanfar iad a fhorléiriú i bhfianaise an Rialacháin seo.

Leasú 117
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – Cuid 2 – fleasc 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	- i gcásanna ina n-úsáidtear teicnící spriocdhírithe, aon fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Rialachán (AE) 2016/679.